



Uimhir 20 de 1991

Acht na gCúirteanna, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 20 de 1991

ACHT NA gCÚIRTEANNA, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda.
3. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda faoin Acht um Chlárú Teidil, 1964.
4. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche.
5. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche in idirphléadáil ag foshirriaim.
6. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche faoi na hAchtanna Fruilcheannaigh, 1946 agus 1960.
7. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche i gcásanna míchoinneála.
8. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche faoin Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976.
9. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht um Dhílseánaigh Óstán, 1963.
10. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.
11. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976.
12. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964.
13. Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1981.
14. Leasú ar Acht 1981.
15. Caingne áirithe a tharchur nó a aistriú.
16. Teorainneacha airgeadaíochta áirithe a athrú le hordú.
17. An líon gnáth-bhreithiúna san Ard-Chúirt.

18. An líon breithiúna sa Chúirt Chuarda.
19. An líon breithiúna sa Chúirt Dúiche.
20. Breithiúna den Chúirt Dúiche a bhuansannadh do dhúichí.
21. Leasú ar Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961.
22. Toghairmeacha a sheirbheáil.
23. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

<i>Attorneys' and Solicitors' Act</i> , 1870	1870, c. 28
Acht na gCúirteanna, 1977	1977, Uimh. 11
Acht na gCúirteanna, 1981	1981, Uimh. 11
Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1981	1981, Uimh. 31
Acht na gCúirteanna, 1985	1985, Uimh. 23
Acht na gCúirteanna (Uimh. 3), 1986	1986, Uimh. 33
Acht na gCúirteanna, 1988	1988, Uimh. 14
Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961	1961, Uimh. 38
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924	1924, Uimh. 10
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936	1936, Uimh. 48
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	1961, Uimh. 39
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1951	1951, Uimh. 2
An tAcht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926	1926, Uimh. 18
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976	1976, Uimh. 27
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1981	1981, Uimh. 22
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976	1976, Uimh. 11
An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964	1964, Uimh. 7
An tAcht Fruilcheannaigh (Leasú), 1960	1960, Uimh. 15
An tAcht um Dhílseánaigh Óstán, 1963	1963, Uimh. 7

[1991.] *Acht na gCúirteanna, 1991.* [*Uimh. 20.*]

An tAcht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975	1975, Uimh. 3
An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977	1977, Uimh. 1
An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990	1990, Uimh. 21
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	1851, c. 93
An tAcht um Chlárú Teidil, 1964	1964, Uimh. 16



Uimhir 20 de 1991

ACHT NA gCÚIRTEANNA, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA CÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS, 1924 GO 1961, ACHT NA gCÚIRTEANNA (BUNÚ AGUS COMHDHÉANAMH), 1961, AGUS ACHTANNA NA gCÚIRTEANNA (FORÁLACHA FORLÍONTACHA), 1961 GO 1988, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE EILE A BHAINNEANN LEIS NA CÚIRTEANNA. [15 *Iúil*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “Acht 1851” an *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851;

ciallaíonn “Acht 1924” an tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924;

ciallaíonn “Acht 1936” an tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936;

ciallaíonn “Acht 1961” Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961;

ciallaíonn “Acht 1977” Acht na gCúirteanna, 1977;

ciallaíonn “Acht 1981” Acht na gCúirteanna, 1981;

ciallaíonn “Acht 1985” Acht na gCúirteanna, 1985.

(2) Déanfar aon tagairt san Acht seo d’aon achtachán eile a fhorléiriú, ach amháin a mhéid a éilíonn an comhthéacs a mhalairt, mar thagairt don achtachán sin arna leasú nó arna chur chun feidhme le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile lena n-áirítear an tAcht seo.

Leathnú ar dhlinse na Cúirte Cuarda.

2.—(1) Leasaítear leis seo an Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht 1961—

(a) trí “£30,000” a chur in ionad “£15,000” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) gach áit a bhfuil sé i gcolún (3), agus

(b) trí “£15,000” a chur in ionad “£7,500” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) sa cholún sin (3) ag uimhir thagartha 14.

(2) Leasaítear leis seo an Cúigiú Sceideal a ghabhann le hAcht 1961 trí “£30,000” a chur in ionad “£15,000” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) i gcolún (3) os coinne lua an *Attorneys’ and Solicitors’ Act*, 1870, i gcolún (2).

(3) Leasaítear leis seo Acht 1936—

(a) trí “£30,000” a chur in ionad “£15,000” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) in alt 20, agus

(b) trí “£30,000” a chur in ionad “£15,000” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) in alt 23.

Leathnú ar dhlinse na Cúirte Cuarda faoin Acht um Chlárú Teidil, 1964.

3.—Leasaítear leis seo alt 18 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, trí “£200” a chur in ionad “£60” i bhfo-alt (2).

Leathnú ar dhlinse na Cúirte Dúiche.

4.—Leasaítear leis seo alt 77 d’Acht 1924 i mír A—

(a) trí na clásail seo a leanas a chur in ionad chlásail (i) go (iii) (a cuireadh isteach le hAcht 1981):

“(i) i gconradh, sárú conartha, tort (ach amháin béalchaint, leabhal, meabhlú, clúmhillleadh teidil, ionchúiseamh mailíseach agus príosúnú neamhdhleathach) agus in éilimh ar dhamáistí nach mbaineann le conradh, mura mó an t-éileamh ná £5,000:

Ar choinníoll nach n-oibreoidh cinneadh ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche i gcás ina bhfuil teideal chun talún i saincheist mar urbhac ná mar urhosc ar agra in aon chúirt maidir leis an talamh sin;

(ii) in eisiachtain i leith neamhioc cíosa nó i leith rósheilibhe in aon aicme tionóntachta nach mó an cíos uirthi ná suim is comhionann, nó a d'fhéadfadh a bheith comhionann, le £5,000 sa bhliain;

(iii) in imeachtaí ar agra an Stáit nó aon údaráis Stáit (de réir bhrí Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961) nó aon oifigigh don Stát nó d'aon údarás Stáit chun aon suim a ghnóthú nach mó ná £5,000 atá dlite don Stát nó inghnóthaithe ag an Stát nó thar a cheann, cibé acu ar mhodh pionóis, féich nó eile, agus d'ainneoin aon achtacháin atá i bhfeidhm faoi láthair lena gceanglaítear agra a dhéanamh i leith na suime sin san Ard-Chúirt nó in aon uaschúirt eile;"

(b) trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) i gclásal (v) (a cuireadh isteach le hAcht 1936),

agus

(c) tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur isteach i ndeireadh na míre sin A:

“Ar choinníoll go mbeidh dlínse ag breitheamh den Chúirt Dúiche aon imeachtaí den sórt a luaitear sa mhír seo a éisteacht agus a chinneadh, d'ainneoin aon teorann airgeadaíochta ag a mbeidh feidhm de thuras na huaire faoin alt seo i gcás go síneoidh na páirtithe riachtanacha sna himeachtaí, roimh an éisteacht nó tráth ar bith lena linn, an fhoirm toilithe a fhorordófar le rialacha arna ndéanamh faoi alt 91 den Acht seo.”.

5.—Leasaítear leis seo alt 22(1) den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926, trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” (a cuireadh isteach le hAcht 1981).

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche in idirphléadáil ag foshirriaim.

6.—(1) Leasaítear leis seo alt 19 den Acht Fruilcheannaigh (Leasú), 1960, trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) i bhfo-ailt (1) agus (2).

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche faoi na hAchtanna Fruilcheannaigh, 1946 agus 1960.

(2) Leasaítear leis seo alt 33(4)(a) d'Acht 1961 trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” (a cuireadh isteach le hAcht 1981).

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche i gcásanna míchoinneála.

7.—Leasaítear leis seo alt 33 (3) d’Acht 1961 trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” (a cuireadh isteach le hAcht 1981).

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Dúiche faoin Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976.

8.—Leasaítear leis seo alt 10 den Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976, trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) i bhfo-alt (5).

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht um Dhílseánaigh Óstán, 1963.

9.—Leasaítear leis seo alt 10 den Acht um Dhílseánaigh Óstán, 1963—

(a) trí “£30,000” a chur in ionad “£15,000” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) i bhfo-alt (1), agus

(b) trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” (a cuireadh isteach le hAcht 1981) i bhfo-alt (2).

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.

10.—Leasaítear leis seo alt 10 (a cuireadh isteach le halt 7 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990) den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, i bhfo-alt (1)—

(a) trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” i mír (b)(i),

(b) trí “£30,000” a chur in ionad “£15,000” i mír (b)(ii),

(c) trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” i mír (c)(i), agus

(d) trí “£30,000” a chur in ionad “£15,000” i mír (c)(ii).

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanai), 1976.

11.—Leasaítear leis seo alt 23 (a cuireadh isteach le hAcht 1981) den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanai), 1976, i bhfo-alt (2)(a)—

(a) trí “£200” a chur in ionad “£100”, agus

(b) trí “£60” a chur in ionad “£30”.

12.—Leasaítear leis seo alt 5 (a cuireadh isteach le hAcht 1981) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, trí “£60” a chur in ionad “£30” i bhfo-alt (2).

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964.

13.—Leasaítear leis seo alt 8 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1981—

Leathnú ar dhlínse na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1981.

(a) trí “£30,000” a chur in ionad “£15,000” i bhfo-alt (1), agus

(b) trí “£5,000” a chur in ionad “£2,500” i bhfo-alt (2).

14.—Leasaítear leis seo Acht 1981 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 17:

Leasú ar Acht 1981.

“Teorainn le méid costas gearánaí in imeachtaí áirithe.

17.—(1) I gcás cúirt do dhéanamh ordú i bhfabhar an ghearánaí nó an iarratasóra in aon imeachtaí (seachas caingean a shonraítear i bhfo-alt (2) agus (3) den alt seo) agus nach í an chúirt an chúirt is ísle a bhfuil dlínse aici ordú a dhéanamh ag deonú an fhaoisimh is ábhar don ordú, ní bheidh an gearánaí i dteideal níos mó costas a ghnóthú ná a bheadh sé i dteideal a ghnóthú dá mba sa chúirt sin is ísle a thosófaí agus a chinnfí na himeachtaí.

(2) In aon chaingean a tosaíodh agus a cinneadh san Ard-Chúirt, ar caingean í inar mó ná £25,000 ach nach mó ná £30,000 méid na ndamáistí a ghnóthaigh an gearánaí, ní bheidh an gearánaí i dteideal níos mó costas a ghnóthú ná a bheadh sé i dteideal a ghnóthú dá mba sa Chúirt Chuarda a thosófaí agus a chinnfí na himeachtaí, mura ndéanfaidh an breitheamh a bheidh ag éisteacht na caingne deimhniú speisialta a dheonú, ar chúiseanna a bheidh sonraithe san ordú, á rá gurbh é tuairim an bhreithimh sin go raibh sé réasúnach, ar mhaithe leis an gceartas i gcoitinne, mar gheall ar chineál neamhchoitianta na n-imeachtaí nó aon cheist dlí iontu, gur san Ard-Chúirt ba cheart na himeachtaí a thosú agus a chinneadh.

(3) In aon chaingean a tosaíodh agus a cinneadh san Ard-Chúirt, ar caingean í inar mó ná £5,000 ach nach mó ná £15,000 méid na ndamáistí a ghnóthaigh an gearánaí, ní bheidh an gearánaí i dteideal níos mó costas a ghnóthú ná cibé méid acu seo a leanas is lú, is é sin le rá, méid na ndamáistí sin nó méid na gcostas a bheadh sé i dteideal a ghnóthú dá mba sa Chúirt Chuarda a thosófaí agus a chinnfí an chaingean.

(4) Ní bheidh sé dleathach do rialacha cúirte aon sriantacht a bheith iontu ná aon sriantacht a fhorchur maidir le méid na gcostas is inghnóthaithe ag páirtí ar bith ó pháirtí ar bith eile in aon chaingean nó imeacht eile, ach ní chuirfidh aon ní san fho-alt seo cosc le sriantacht a chur isteach i rialacha cúirte maidir le méid na gcostas is inghnóthaithe ar sriantacht í atá comhionann le sriantacht a fhorchuirtear leis an alt seo, ná leis an méid a shocrú le rialacha cúirte is inghnóthaithe ag aon duine mar chostais agus caiteachais, agus le haghaidh na gcostas agus na gcaiteachas, a thabhaigh sé agus aon ní sonraithe á dhéanamh aige in aon saghas áirithe caingne nó imeachta eile.

(5) (a) I gcás cúirt do dhéanamh ordú i bhfabhar an ghearánaí nó an iarratasóra in aon imeachtaí (nach achomharc) agus nach í an chúirt an chúirt is ísle a bhfuil dlínse aici ordú a dhéanamh ag deonú an fhaoisimh is ábhar don ordú, féadfaidh an breitheamh lena mbaineann, más dóigh leis, sna himthosca go léir, gur cuí déanamh amhlaidh, ordú a dhéanamh á ordú don ghearánaí nó don iarratasóir méid nach mó ná cibé méid acu seo a leanas is cuí leis an mbreitheamh, a íoc leis an gcosantóir nó leis an bhfreagróir sna himeachtaí, eadhon:

(i) an méid, arna thomhas ag an mbreitheamh, de na costais bhreise amhail idir páirtí agus

páirtí a thabhaigh an cosantóir
nó an freagróir sna himeachtaí
toisc nár tosaíodh agus nár
cinneadh na himeachtaí sa
chúirt sin ab ísle, nó

(ii) méid is ionann agus an difríocht
idir—

(I) méid na gcostas, amhail
idir páirtí agus páirtí, a
thabhaigh an cosantóir
nó an freagróir sna
himeachtaí, arna fhómhas
ag Máistir Fómhais de
chuid na hArd-Chúirte
nó, más sa Chúirt
Chuarda a éisteadh agus
a cinneadh na himeachtaí,
ag an gcláráitheoir contae
iomchuí, agus

(II) méid na gcostas, amhail
idir páirtí agus páirtí, a
thabhaigh an cosantóir
nó an freagróir sna
himeachtaí, arna fhómhas
ag Máistir Fómhais de
chuid na hArd-Chúirte
nó, más sa Chúirt
Chuarda a éisteadh agus
a cinneadh na himeachtaí,
ag an gcláráitheoir contae
iomchuí ar scála is dóigh
leis a bheadh iomchuí dá
n-éistfí agus dá gcinnfí na
himeachtaí sa chúirt sin ab
íisle.

(b) Aon duine ar dámhadh costais dó faoi
mhír (a) den fho-alt seo féadfaidh
sé, gan dochar don cheart atá aige
na costais a ghnóthú ón duine ar
dámhadh ina aghaidh iad, iad go
léir nó cuid díobh a fhritháireamh in
aghaidh aon chostas a dámhadh don
duine is déanaí a luaitear in aghaidh
an duine chéadluaite sna himeachtaí
lena mbaineann.

(6) San alt seo foláionn ‘faoiseamh’ damáistí.”.

Caingne áirithe a tharchur nó a aistriú.

15.—(1) I gcás caingean ar bith a bheith ar feitheamh sa Chúirt Chuarda agus gur caingean í a d’fhéadfadh, ar leith ó alt 4(c) den Acht seo, a bheith tosaithe sa Chúirt Dúiche, féadfaidh aon pháirtí sa chaingean, tráth ar bith sula dtosaíonn triail na caingne sin, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda go dtarchuirfear nó go n-aistreofar an chaingean go dtí an Chúirt Dúiche, agus, más dóigh leis an gcúirt gur caingean í is cuí a thabhairt ar aghaidh sa Chúirt Chuarda, féadfaidh sí an chaingean sin a choinneáil inti, agus, mura dóigh léi gur caingean í is cuí a thabhairt ar aghaidh sa Chúirt Chuarda, féadfaidh sí an chaingean a tharchur nó a aistriú go dtí an Chúirt Dúiche lena tabhairt ar aghaidh os comhair an bhreithimh a bheidh sannta do cibé dúiche chúirte dúiche is dóigh leis an gCúirt Chuarda a bheith oiriúnach agus áisiúil agus sin ar cibé téarmaí agus faoi réir cibé coinníollacha ó thaobh costas agus eile is dóigh léi is cóir:

Ar choinníoll go bhféadfaidh an Chúirt Chuarda aon chaingean a tharchur nó a aistriú, is cuma cad é méid an éilimh a dhéantar go foirmiúil inti, más é tuairim na cúirte nach sa Chúirt Chuarda ach gur sa Chúirt Dúiche ba chóir an chaingean a bheith tosaithe, má bhí sí le tosú ar chor ar bith.

(2) In aon chaingean le haghaidh damáistí neamhleachtaithe a bheidh tarchurtha nó aistrithe go dtí an Chúirt Dúiche faoin alt seo nó faoi alt 25 d’Acht 1924, féadfaidh an Chúirt Dúiche ordú a dhéanamh ag dámhachtain méid is mó ná £5,000, ach nach mó ná £10,000, do pháirtí i gcaingean den sórt sin.

(3) Maidir le dlínse na hArd-Chúirte faoi alt 25 d’Acht 1924, a bhaineann le tarchur nó aistriú caingne a bheidh ar feitheamh san Ard-Chúirt, féadfar, ar iarratas chuige sin chun na hArd-Chúirte ag aon pháirtí i gcaingean den sórt sin, í a fheidhmiú i ndáil leis an gcaingean tráth ar bith sula dtosaíonn triail na caingne sin.

(4) Aisghairtear leis seo alt 2 d’Acht na gCúirteanna, 1988.

Teorainneacha airgeadaíochta áirithe a athrú le hordú.

16.—(1) Más deimhin leis an Rialtas, agus aon uair is deimhin leo—

(a) maidir le méid airgeadaíochta a bheidh sonraithe de thuras na huair in aon fhoráil d’aon achtachán lena dtugtar dlínse in ábhar sibhialta don Chúirt Chuarda nó don Chúirt Dúiche agus lena léirítear teorainn na dlínse a thugtar amhlaidh, nó

(b) maidir le méid airgeadaíochta a bheidh sonraithe de thuras na huaire i bhfo-alt (2) nó (3) d’alt 17 (arna chur isteach leis an Acht seo) d’Acht 1981,

gur ceart, ag féachaint d’athruithe ar luach an airgid i gcoitinne sa Stát ó sonraíodh an méid airgeadaíochta sin amhlaidh, an méid sin a athrú, féadfaidh siad ordú a dhéanamh ag athrú an méid airgeadaíochta a bheidh sonraithe amhlaidh agus beidh éifeacht leis an bhforáil sin de réir théarmaí aon ordaithe den sórt sin.

(2) Déanfar dréacht de gach ordú a bheartaítear a dhéanamh faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

17.—(1) Is líon nach mó ná 16 an líon gnáth-bhreithiúna a bheidh san Ard-Chúirt.

An líon
gnáthbhreithiúna san
Ard-Chúirt.

(2) Cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (b) (a cuireadh isteach le hAcht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1981) d’alt 14(1) den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975:

“(b) más rud é ar é a cheapadh amhlaidh gurb é Uachtarán na hArd-Chúirte é nó gur gnáth-bhreitheamh den Ard-Chúirt é, ansin fad a shealbhóidh sé an oifig bhreithiúnach a shealbhaigh sé ar é a cheapadh amhlaidh—

(i) is líon nach mó ná 17 an líon gnáth-bhreithiúna a bheidh san Ard-Chúirt, agus

(ii) déanfar an tagairt in alt 17(1) d’Acht na gCúirteanna, 1991, do 16 a fhorléiriú mar thagairt do 17, agus”.

(3) Aisghairtear leis seo alt 1 d’Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1981.

18.—Leasaítear leis seo Acht 1977—

An líon breithiúna sa
Chúirt Chuarda.

(a) in alt 1, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) (a cuireadh isteach le hAcht 1985):

“(2) Is líon nach mó ná 17 an líon gnáth-bhreithiúna a bheidh sa Chúirt Chuarda.”,

agus

(b) in alt 2—

(i) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (a) (a cuireadh isteach le hAcht 1985) d’fho-alt (1):

“(a) Beidh 8 mbreitheamh den Chúirt Chuarda buansannta do Chuaire Bhaile Átha Cliath.

(aa) Beidh 2 bhreitheamh den Chúirt Chuarda buansannta do Chuaire Chorcaí.”,

agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás breitheamh den Chúirt Chuarda a bheith ceaptha, déanfaidh an Rialtas é a bhuansannadh—

(a) do Chuaire Bhaile Átha Cliath más rud é ar dháta an cheaptha gur lú ná 8 an líon breithiúna a bheidh buansannta don chuaird sin, nó

(b) do Chuaire Chorcaí más rud é ar dháta an cheaptha gur lú ná 2 an líon breithiúna a bheidh buansannta don chuaird sin, nó

(c) d’aon chuaird eile nach mbeidh ar dháta an cheaptha aon bhreitheamh buansannta di.”.

An líon breithiúna sa Chúirt Dúiche.

19.—Leasaítear leis seo alt 1 d’Acht 1977 trí “45” a chur in ionad “naonúr is tríocha” i bhfo-alt (3).

Breithiúna den Chúirt Dúiche a bhuansannadh do dhúichí.

20.—Leasaítear leis seo an Séú Sceideal a ghabhann le hAcht 1961 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (b) (a cuireadh isteach le hAcht 1977) de mhír 2(1):

“(b) Más rud é, an tráth a cheapfar duine ina bhreitheamh den Chúirt Dúiche, go mbeidh 11 bhreitheamh den Chúirt Dúiche ann nach bhfuil buansanta do dhúichí áirithe, déanfaidh an Rialtas an duine sin a bhuansannadh do dhúiche áirithe.”.

21.—(1) Leasaítear leis seo Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961— Leasú ar Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961.

(a) in alt 5, trí “Judge of the District Court” a chur in ionad “Justice of the District Court”, i bhfo-alt (2)(b), agus

(b) in alt 6—

(i) trí “oifig bhreithimh den Chúirt Dúiche”, a chur in ionad “bhreithimh den Chúirt Dúiche”, i bhfo-alt (1)(b), agus

(ii) trí “oifig bhreithimh ar bith” a chur in ionad “oifig aon bhreithimh”, i bhfo-alt (6).

(2) In aon reacht nó in aon ionstraim arna déanamh faoi reacht, déanfar tagairtí sa Bhéarla do “justice of the District Court” a fhorléiriú mar thagairtí do “judge of the District Court”.

22.—(1) D’ainneoin alt 12 d’Acht 1851 agus gan dochar d’fhorálacha aon Achta lena n-údaraítear toghairmeacha a sheirbheáil ar aon mhodh áirithe i gcásanna áirithe, féadfar toghairm arna heisiúint i gcás dlínse achoimre faoi alt 11(2) nó 13 d’Acht 1851 nó alt 1 d’Acht 1986 a sheirbheáil ar an duine a bhfuil sí dírithe chuige— Toghairmeacha a sheirbheáil.

(a) trí chóip di a chur, leis an bpost cláraithe réamhíoctha, i gclúdach litreach a bheidh dírithe chuige san áit chónaithe is déanaí is eol a bheith aige nó san áit chónaithe is gnáiche a bhíonn aige nó ag a ionad gnó sa Stát,

(b) trí chóip di a chur, le haon chóras eile poist réamhíoctha ina dtaifeadtar seachadadh, a bheidh sonraithe i rialacha cúirte, i gclúdach litreach den sórt a dúradh, nó

(c) trí chóip di, i gclúdach litreach den sórt a dúradh, a sheachadadh de láimh ag duine, seachas an duine ar thar a cheann a

airbheartaíonn sí a bheith á heisiúint, a bheidh údaráithe chuige sin le rialacha cúirte.

(2) Maidir le seirbheáil toghairme ar dhuine de bhun fho-alt (1) den alt seo measfar, ar é a bheith cruthaithe gur cuireadh cóip den toghairm i gclúdach litreach agus gur cuireadh seoladh ar an gclúdach agus gur taifeadadh, gur réamhíocadh agus gur cuireadh amach é, nó gur seachadadh é, de réir fhorálacha an fho-ailt sin (1), gur seirbheáil chuí na toghairme ar an duine í mura gcruthófar, de bhun iarratais faoi fho-alt (6) den alt seo nó ar shlí eile, nach bhfuair an duine fógra faoin toghairm nó faoin éisteacht lena mbaineann an toghairm.

(3) I gcás go seirbheálfar toghairm ar dhuine ar mhodh dá bhforáiltear i bhfo-alt (1)(a) nó (b) den alt seo—

(a) measfar, faoi réir fho-alt (2) den alt seo, an toghairm a bheith seirbheáilte ar an duine an tráth a ndéanfaí an clúdach litreach ina bhfuil cóip den toghairm a sheachadadh i ngnáth-chúrsa an phoist,

(b) féadfár a chruthú gur cuireadh cóip den toghairm sa chlúdach litreach, gur cuireadh seoladh ar an gclúdach litreach agus gur taifeadadh, gur réamhíocadh agus gur cuireadh amach é, de réir fhorálacha fho-alt (1)(a) nó (b) den alt seo, trí dhearbhuí reachtúil (a bheidh formhuinithe ar an toghairm bhunaidh agus a dhéanfar, tráth nach luaithe ná 10 lá tar éis an lae a gcuirtear an clúdach litreach sa phost, ag an duine a chuir an clúdach litreach sa phost) ina dtaispeánfar an taifead gur cuireadh an clúdach litreach sin a dúradh sa phost agus ina ndéanfar, más mar sin atá, gur eisíodh an toghairm bhunaidh go cuí an tráth a cuireadh sa phost í agus nach bhfuil an clúdach litreach curtha ar ais go dtí an seoltóir mar chlúdach litreach neamhsheachadta, agus

(c) déanfar an t-am, an dáta agus an áit ar cuireadh an clúdach litreach sa phost a fhorhuiniú ar an toghairm bhunaidh.

(4) I gcás toghairm a bheith eisithe faoi alt 11(2) d'Acht 1851 nó alt 1 d'Acht 1986 agus gur seirbheáladh í ar an duine chuig a bhfuil sí dírithe ar mhodh seirbheála dá bhforáiltear i bhfo-alt (1) den alt seo agus nach láithríonn an duine sin ag an am agus san áit a shonraítear sa toghairm ná ag éisteacht an ghearáin nó an chúisimh lena mbaineann an toghairm, féadfaidh an Chúirt Dúiche, más dóigh léi go bhfuil sé neamh-inmhianaithe ar mhaithe leis an gceartas, mar gheall ar

thromchúis an chiona nó ar chúis eile, dul ar aghaidh leis an éisteacht gan an duine a bheith i láthair, an éisteacht a chur ar atráth go dtí cibé am agus áit a ordóidh an chúirt le gur féidir fógra a thabhairt don duine, ar cibé modh a ordóidh an Chúirt, faoin éisteacht atrátha.

(5) I gcás éisteacht gearáin nó cúisimh a bheith curtha ar atráth ag an gCúirt Dúiche faoi fho-alt (4) den alt seo agus nach ndéanfaidh an duine a mbeidh an toghairm lena mbaineann dírithe chuige láithriú ag an éisteacht atrátha, féadfaidh an Chúirt Dúiche, má tá bunús tugtha faoi mhionn leis an ngearán nó leis an gcúiseamh agus más deimhin leis an gCúirt gur tugadh fógra réasúnach faoin éisteacht atrátha don duine de réir an fho-ailt sin (4), barántas a eisiúint chun an duine a ghabháil agus a thabhairt os a comhair chun freagra a thabhairt ar an ngearán nó ar an gcúiseamh sin nó dul ar aghaidh le héisteacht an ghearáin nó an chúisimh gan an duine a bheith i láthair.

(6) (a) I gcás toghairm a bheith eisithe faoi alt 11(2) d'Acht 1851 nó alt 1 d'Acht 1986 agus go ndeachaigh an Chúirt Dúiche ar aghaidh le héisteacht an ghearáin nó an chúisimh lena mbaineann an toghairm, féadfaidh an duine a bhfuil an toghairm dírithe chuige, mura bhfuair sé fógra faoin toghairm nó faoin éisteacht lena mbaineann an toghairm, laistigh de 21 lá tar éis don toghairm nó don éisteacht sin a theacht ar a iúl nó laistigh de cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an Chúirt Dúiche ag féachaint do na himthosca, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche chun na himeachtaí a chur ar ceal.

(b) Maidir le fógra i dtaobh iarratais faoi mhír (a) den fho-alt seo—

(i) taiscfear é leis an gcléireach Cúirte Dúiche don cheantar Cúirte Dúiche inar seoladh an éisteacht lena mbaineann an toghairm,

(ii) beidh sé san fhoirm a bheidh forordaithe le rialacha cúirte,

(iii) déarfai ann nach bhfuair an t-iarratasóir fógra faoin toghairm ná faoin éisteacht lena mbaineann an toghairm go dtí tráth a bheidh sonraithe san fhógra i dtaobh an iarratais sin, ar thráth é tar éis thosach na héisteachta lena mbaineann an toghairm,

agus ní sheolfar éisteacht an iarratais sula mbeidh tréimhse 21 lá caite ón dáta a dtaiscfear amhlaidh é nó cibé tréimhse is giorra ná sin a cheadóidh an Chúirt Dúiche.

- (c) Aon duine a dhéanfaidh, i dtaca le hiarratas faoin bhfo-alt seo, ráiteas is eol dó a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £500 nó príosúnacht 3 mhí, nó iad araon, a chur air.

(7) Féadfaidh an Chúirt Dúiche, ar éisteacht iarratais faoi fho-alt (6) den alt seo, géilleadh don iarratas nó diúltú géilleadh dó agus féadfaidh sí a ordú go ndéanfar an gearán nó an cúiseamh lena mbaineann sé a éisteacht arís cibé tráth agus cibé áit a ordóidh an Chúirt.

(8) Féadfaidh an t-údarás déanta rialacha don Chúirt Dúiche, de thuras na huair, rialacha a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt don alt seo.

(9) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 1986” Acht na gCúirteanna (Uimh. 3), 1986;

ciallaíonn “cás dlínse achoimre” cas nach féidir a éisteacht nó a chur de láimh ar shlí seachas go hachomair nó faoi alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1951;

folóidh “ceantar Cúirte Dúiche” Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath.

Gearrtheideal,
comhlua agus tosach
feidhme.

23.—(1) Féadfar Acht na gCúirteanna, 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1991, a ghairm d’Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1988, agus den Acht seo le chéile.

(3) Tiocfaidh ailt 2 go 4(b) agus 5 go 14 den Acht seo i ngníomh ar an lá atá 1 mhí tar éis dháta rite an Achta seo, ach ní bheidh feidhm acu i ndáil le himeachtaí in aon chúirt a tionscnaíodh roimh an lá sin.

(4) Tiocfaidh ailt 4(c), 15 agus 21 den Acht seo i ngníomh ar an lá atá 3 mhí tar éis dháta rite an Achta seo, ach ní bheidh feidhm acu i ndáil le himeachtaí in aon chúirt a tionscnaíodh roimh an lá sin.

(5) Tiocfaidh alt 22 den Acht seo i ngníomh ar an lá atá 3 mhí tar éis dháta rite an Achta seo.